



## **Tuairisc ar na torthaí ón gComhairliúchán Poiblí maidir leis an Dréacht-Bhille um Achomhairc Talmhaíochta (Leasú) 2020 (ar a dtugtar An Bille Foraoiseachta (Forálacha Ighnéitheacha), 2020 anois**

### **Cúlra**

Is é is cuspóir leis an Dréacht-Bhille um Achomhairc Talmhaíochta (Leasú) 2020 (ar a dtugtar an Bille Foraoiseachta (Forálacha Ighnéitheacha) 2020 anois) ná an próiseas achomharc foraoiseachta a athchóiriú trína thabhairt i gcomhréir le próisis phleanála den chineál céanna agus is ceann de na gealltanais é a tugadh i gClár an Rialtais.

### **Comhairliúchán Poiblí**

Foilsíodh an comhairliúchán poiblí ar Dhréacht-Bhille 2020 ar láithreán gréasáin na Roinne an 31 Iúil 2020 agus ba í an Aoine an 28 Lúnasa 2020 an dáta deiridh le haiseolas a bheith faighte. Cuireadh seoladh ríomhphoist ar leith ar fáil chun aighneachtaí a chur ar aghaidh sa cháipéis Comhairliúcháin Phoiblí agus bhí an dréacht-Bhille curtha leis an gcáipéis sin.

Bhí beagnach 8,900 aighneacht faighte ag an Roinn faoin dáta deiridh le haighneachtaí a chur ar aghaidh. Tá na haighneachtaí go léir breithnithe ag an DAFM agus tá socruithe á ndéanamh len iad a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na Roinne. Déanfar an foilseachán seo i bhfoirm oiriúnach lena chinntiú go mbeidh sé ag cloí le ceanglais GDPR a mbeidh an fhaisnéis phearsanta le baint as.

Achoimre atá sa tuarascáil seo ar na torthaí a fuarthas tar éis na haighneachtaí a fuarthas a athbhreithniú.

Is é seo a leanas an mhodheolaíocht chun na torthaí sin a chur i láthair:

1. Ar bhain an aighneacht leis an mBille?
2. An raibh an aighneacht ag tacú leis an mBille nó ag cur ina aghaidh?
3. An ndearnadh tagairt san aighneacht don Bhille i dtéarmaí ginearálta nó an ndearnadh tagairt shonrach do Cheannteidil aonair?
4. Rangú na n-aighnitheoirí de réir grúpála roinnte ina cheithre chatagóir:
  - a. Tionscal: Rinneadh an aighneacht thar ceann páirtí leasmhar tionscail, mar cuideachtaí foraoiseachta, cuideachtaí iompair, muilte sábhadóireachta, conraitheoirí foraoiseachta, soláthraithe tógála, tionscal próiseála adhmaid, etc.
  - b. Príobháideach: Páirtí leasmhar príobháideach a rinne aighneacht ina cháil/ina cáil phríobháideach féin.
  - c. Ionadaithe Poiblí: Ba ionadaí poiblí, mar Comhairleoir, TD, Seanadóir a rinne an aighneacht.



- d. Eagraíochtaí eile: Rinneadh an aighneacht thar ceann eagraíocht páirtí leasmhar neamh-tionscail, mar NGOanna, cumainn, páirtithe polaitiúla, agus grúpaí eile.

### **Torthaí bheartaíocht an Chomhairliúcháin Phoiblí**

Léirítear sa Tábla thíos sonraí na n-aighneachtaí mar a taifeadadh iad:

	<b>Uimh. Iomlán</b>
Iomlán na n-aighneachtaí a fuarthas	8,888
Iomlán na n-aighneachtaí a athbheithníodh	8,888

	<b>De réir % na n-aighneachtaí a fuarthas</b>
<b>Aighneachtaí a fuarthas nár bhain leis an mBille</b>	<b>3%</b>
<b>Aighneachtaí a fuarthas a bhí ag tacú leis an mBille</b>	<b>81%</b>
<b>Agus astu sin:</b>	
- Aighneachtaí tionscail:	24.9%
- Aighneachtaí príobháideacha:	74.4%
- Aighneachtaí a rinne Ionadaithe Poiblí:	0.4%
- Aighneachtaí a rinne Grúpaí Eile:	0.3%
- Aighneachtaí nár luadh aon Ceannteideal ar leith iontu:	99%
<b>Aighneachtaí a fuarthas a bhí i gcoinne an Bhille</b>	<b>16%</b>
<b>Agus astu sin:</b>	
- Aighneachtaí tionscail:	0%
- Aighneachtaí príobháideacha:	94.5%
- Aighneachtaí a rinne Ionadaithe Poiblí:	1.4%
- Aighneachtaí a rinne Grúpaí Eile:	4.1%
- Aighneachtaí inar luadh go sonrath Ceannteidil 4 & 5	23%



- Aighneachtaí nár luadh aon Ceannteideal ar leith iontu:	73%
---	-----

### **Achoimre ar thorthaí**

- As an 8,888 aighneacht a scrúdaíodh, bhí 7,195 (81%) díobh ag tacú go ginearálta leis an mBille agus bhí 1,418 (16%) ag cur ina aghaidh. Aighneachtaí a fuarthas nár bhain leis an mBille a bhí i 3% de na haighneachtaí.
- Níl aon mholtaí i ndáil leis an mBille a leasú sa chuid is mó de na haighneachtaí a athbhreithníodh ach tagraítear do thacaíocht nó agóid ghinearálta maidir leis an mBille.
- Maidir leis na haighneachtaí sin a thagraigh go mion don Bhille, dhírigh siadsan den chuid is mó ar Ceannteideal 4 agus go háirithe d'Alt 4(1)(d) - sainmhíniú ar dhuine cuí agus alt 5. (1) go (5) – táillí a thabhairt isteach.

### **Ráitis achoimrithe ó aighneachtaí ar chodanna sonracha den Bhille**

#### **Ceannteideal 4 – Saincheisteanna a ardaíodh:**

- A iarraidh nach dtabharfaí isteach catagóir duine cuí agus go bhféadfadh gach páirtí leasmhar achomharc a dhéanamh díreach leis an FAC.
- A mholadh, mar a sheasann cúrsaí, go gcuirfeadh an Bille srian ar cheart rochtana eNGOanna ar achomharc.
- A bhreithniú go mbeadh ar an FAC cúram a dhéanamh don leas náisiúnta agus saincheisteanna a bhaineann le tábhacht straitéiseach eacnamaíochta nó shóisialta don Stát nuair atá achomhairc á gcinneadh.
- A mholadh go dtabharfaí isteach foráil faoina mbeadh cead achomhairc a dhéanamh ar chinneadh trí úsáid a bhaint as tosaíocht, agus go ndéanfaidh an Coiste breithniú ar achomhairc a bhaineann leis an bhfadhb chéanna ag an am céanna.
- A mholadh go mbeadh cathaoirleach an Choiste i gcaoi is go bhféadfaí achomhairc a bhreithniú bunaithe ar a mbailíocht sula leantar ar aghaidh le héisteacht.
- Eolas Breise ón Achomharcóir: Ar mhaithe le dea-chinnteoireacht riaracháin, a iarraidh go mbeadh teidlíocht níos leithne ag an Aire rialacháin a dhéanamh d'fhonn an méid a chóir a bheith san áireamh in achomharc i ndáil le heolas breise a éileamh, mar - forais bheachta le haghaidh achomhairc, ábharthacht i ndáil le ceadúnas ar leith.
- A mholadh go mbeadh an FAC ábalta suí i gCóran de 2 seachas 3.
- A mholadh go ndéanfaí 'Comhlacht Comhshaoil' a shainmhíniú tuilleadh sa Bhille.

#### **Ceannteideal 5 – Saincheisteanna a ardaíodh:**



- Déanamh de réir choinbhinsiún Aarhus maidir le rannpháirtíocht phoiblí agus nach mbeadh rannpháirtíocht dá leithéid "i bhfad ródhaor."
- Tuairimí ar an mBille go dtabharfaí an chumhacht don Aire treoracha polasaí a eisiúint chuig an FAC agus a n-oibríochtaí.
- A mholadh go bhfágfadh an Bille atá beartaithe lánrogha iomarcach ag an Aire bearta a thabhairt isteach de réir rialacháin.
- Tá fáilte roimh an moladh maidir le táille a thabhairt isteach le haghaidh achomharc agus is príomhchéim sin lena chinntiú go mbeidh na hacmhainní cuí ag an FAC agus tugann an próiseas i gcomhréir le ceanglais phleanála eile.



## **Foilsíú an Bhille nuashonraithe**

Tá forálacha coinnithe sa Bhille nuashonraithe ina bhféachtar le hacmhainn an Choiste Achomharc Foraoiseachta a mhéadú (FAC) chun a ualach oibre a bhainistiú chomh maith le gné éigin den chostas a bhaineann leis sin a fháil ar ais trí:

- Acmhainn an FAC a mhéadú d'fhonn achomhairc a chinneadh trína chur ar a chumas suí i rannóga de féin;
- A chur ar chumas an FAC achomhairc a chinneadh gan éisteacht ó bhéal a reáchtáil sa chás gur féidir achomharc a chur de lámh i gceart ar an mbealach sin;
- An chumhacht a thabhairt don Aire le rialacháin a dhéanamh chun, inter alia, na nósanna imeachta maidir le ceapacháin san FAC agus cúrsaí ábhartha eile a bhaineann leis an FAC go ginearálta;
- Táillí a thabhairt isteach le haghaidh achomharc, trí rialachán; cé gur léiríodh ábhar imní maidir leis na táillí, beidh táillí den chineál sin réasúnach agus is gnáthchleachtas é i bpróisis achomharc go ngearrfaí táillí.

I bhfianaise na n-aighneachtaí a fuarthas, ghlac an tAire roinnt nithe san áireamh sa leagan nua den Bhille agus rinneadh leasuithe ar na Ceannteidil a bhí ann roimhe seo trí:

- An chatagóir a bhaineann le duine cuí is féidir leis achomharc a dhéanamh chuig an FAC a bhaint as agus cead a thabhairt do gach duine atá míshásta le cinneadh na Roinne achomharc a dhéanamh go díreach leis an FAC;
- Córam de bheirt, seachas de thriúr, a thabhairt isteach le haghaidh éisteacht FAC agus sa chás nach mbíonn cinneadh ar aon fhocal ann, cuirfear an t-achomharc ar ais chuig Coiste athbhunaithe de thriúr eile;
- Foráil a dhéanamh faoinar féidir leis an FAC cinntí a dhaingniú, a athrú, a chur ar ceal agus a chur ar ais chuig an Roinn, nó cinneadh eile a chur ina n-ionad.
- Soiléireacht a thabhairt maidir leis na cúinsí ina bhféadfadh an tAire treoir ghinearálta beartais a eisiúint i.e. maidir le tús áite aicmí ar leith achomhairc agus aird a thabhairt ar an ngá atá ann a chinntiú go bhfuil toradh inbhuanaithe eacnamaíochta agus timpeallachta ann maidir le hearraí agus seirbhísí foraoise sa Stát.

Tá nithe áirithe eile a bhaineann leis an Acht Foraoiseachta 2014 a bhaineann le cáipéisí a fhoilsíú chomh maith le déanamh na rialachán curtha leis an mBille nuashonraithe freisin.



## **Conclúid**

Spreag an bheartaíocht comhairliúcháin phoiblí seo rannpháirtíocht mhór ó na páirtithe leasmhara ar fad agus dheimhnigh tacaíocht don Bille seo. Tá leasú déanta ar an mBille i bhfianaise na n-aighneachtaí a fuarthas. Nuair a bhí moltaí ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí á nglacadh, d'fhéach an tAire le sláine Bille faoina gcruthófar córas achomharc níos fearr agus níos éifeachtaí a choinneáil, ag cinntiú ag an am céanna go mbeidh cearta cothroma agus inrochtana ag páirtithe leasmhara chun achomharc a dhéanamh ar chinntí ar cheadúnais foraoiseachta chuig comhlacht neamhspleách.

Pléifidh an tAire níos mine na saincheisteanna seo nuair a chuirtear an Bille seo i láthair Thithe an Oireachtais.

**23 Meán Fómhair, 2020**